ESB NETWORKS

Cheacht 3
Fuinneamh Gaoithe Bileog Freagraí

Fíor nó Bréagach? Eagrán Fhuinneamh na Gaoithe

Cuir tic sa bhosca chun a léiriú an bhfuil na ráitis seo a leanas Fíor nó Bréagach.

Ráiteas	Fíor	Bréagach	Míniú
Tógann sé níos mó fuinnimh tuirbíní gaoithe a thógáil ná mar a ghineann siad thar a saolré		✓	Is féidir le tuirbín gaoithe an fuinneamh a úsáidtear chun é a dhéanamh a aisíoc laistigh de thrí go cúig mhí oibriúcháin
Gineann tuirbíní gaoithe leictreachas glan	✓		Tá na hastaíochtaí gás ceaptha teasa is ísle in aghaidh an chileavatuaire thar a shaolré ag fuinneamh gaoithe i gcomparáid leis an gcuid is mó de na foinsí fuinnimh eile
Éilíonn feirmeacha gaoithe go leor talún le go n-oibreoidh siad toisc go nglacann tuirbíní gaoithe go leor spáis		✓	Tá tuirbíní gaoithe an-éifeachtach ó thaobh talún de agus níl mórán spáis de dhíth orthu. Is féidir an talamh faoin tuirbín a úsáid freisin le haghaidh rudaí eile amhail feirmeoireacht. Chomh maith leis seo, is féidir feirmeacha gaoithe a chur as feidhm, agus filleann an talamh ar a staid bhunaidh, rud nach mbíonn fíor faoi fhoinsí eile fuinnimh.
Tá sé costasach tuirbíní gaoithe a bhunú agus a rith		✓	Leis an méadú ar tháirgeadh fuinnimh gaoithe, tá nuálaíocht ag méadú agus tá costas ag laghdú mar gheall ar iomaíocht.
Scriosann an méid dé-ocsaíd charbóin a ghintear i dtógáil tuirbíní gaoithe an tionchar dearfach atá acu		✓	Thar shaolré an tuirbín, cruthaítear astaíochtaí mar thoradh ar thógáil, iompar, suiteáil agus cur as feidhm an tuirbín. Is lú an méid CO_2 a ghineann tuirbín le linn a shaoilré ná na hastaíochtaí CO_2 a dhíláithríonn sé ón gcóras leictreachais. Tugtar an 'tréimhse aisíocaíochta carbóin' ar an tréimhse ama a thógann sé chun é seo a bhaint amach. De ghnáth, bíonn an tréimhse aisíocaíochta carbóin idir 5 agus 12 mhí ag brath ar shuíomh an tuirbín.
Is tír den scoth í Éire le haghaidh táirgeadh fuinnimh gaoithe mar go mbíonn ár luasanna gaoithe níos airde ná mórthír na hEorpa i gcoitinne	✓		Is fíor an ráiteas seo. Tá luasanna gaoithe níos airde ná mórthír na hEorpa agus méadaíonn luasanna gaoithe dá mhéad ó thuaidh a théimid ar oileán na hÉireann.

Smaoinigh ar chúiseanna chun údar a thabhairt do gach freagra. Déan comparáid agus pléigh na freagraí le dalta eile.

WEATHER Watch

ESB NETWORKS

An Nasc Aeráide – Meaitseáil na cúiseanna leis na héifeachtaí (Freagraí sa tábla thíos)

Léigh gach ceann de na cúiseanna agus meaitseáil iad le ceann de na héifeachtaí. Scríobh uimhir gach éifeacht faoin litir chomhfhreagrach do gach cúis sa tábla thíos.

Cúiseanna		Éifeachtaí	
A	Gual agus gás a dhó chun fuinneamh a ghiniúint	1	Níos lú Co2 á ionsú ag crainn
B	Dífhoraoisiú	2	Níos mó tarluithe adhaimsire amhail hairicíní
C	Go leor dramhaíola á táirgeadh	3	Níos mó tarluithe adhaimsire
D	Teochtaí ag dul i méid	4	Tuilleadh brú ar an eangach chumhachta
E	Tuilleadh Feirmeacha Gaoithe	5	Astaíochtaí gás ceaptha teasa méadaithe
F	Oighearshruthanna agus Oighearchlúideanna ag leá	6	Tuilleadh meatáin á tháirgeadh ó Líonadh Talún
G	Soilse a fhágáil ar lasadh gan ghá	7	Níos lú spleáchais ar bhreoslaí iontaise
H	Teocht na mara ag ardú	8	Leibhéal mara ag ardú

Cúiseanna	A	B	C	D	E	F	G	H
Éifeachtaí	5	1	6	3	7	8	4	2

ESB NETWORKS

Cheacht 3
Gníomhaíochtaí Breise

Gníomhaíocht 1: Nasctha le d'úsáid fuinnimh

Cruthaigh póstaer dírithe ar dhaltaí faoi conas is féidir leo a n-úsáid fuinnimh a laghdú. Tabhair roinnt leideanna maidir le conas is féidir linn fuinneamh a úsáid ar bhealach níos inbhuanaithe.

Gníomhaíocht 2: Nasctha leis an tionchar a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite a úsáid

Scríobh litir chuig príomhoide do scoile ag míniú cén fáth, dar leat, gur cheart don scoil smaoineamh ar phainéil ghréine a shuiteáil. Sa litir, déan cur síos ar na buntáistí a bheadh ag fuinnimh in-athnuaite don scoil, don phobal áitiúil agus d'Éirinn.

WEATHER Watch